

A Mhúinteoir Eolaíochta a chara,

Fáilte go dtí tús bliain acadúil eile. Bliain nach raibh a leithéid riamh ann! Ní miste linn rudaí a bheith dúshlánach, agus oibreimid chun tacú libh, de réir mar a choigeartaítear scoileanna agus ranna eolaíochta lena mbealach a aimsiú faoi na cúinsí reatha. Mar a cruthaíodh le linn na dianghlasála is gairmithe acmhainneacha agus tiomanta iad múinteoirí.

- 'Léiríonn tuarascáil ó ITES ar fhreagairt na scoileanna dara leibhéal don fhoghlaim le linn COVID tiomantas agus acmhainneacht múinteoirí. Rinne príomhoidí cur síos d'aonghuth ar an tiomantas a léirigh na múinteoirí do scoláirí, agus ar a n-acmhainneacht i gcúinsí a bhí an-chiotach dóibh féin agus dá dteaghlaigh. Tá an tuarascáil ar fáil [anseo](#).
- Rinne Coláiste na Tríonóide suirbhé freisin ar 700 múinteoir iar-bhunscoile maidir lena dtaithe éagsúil ar dhianghlasáil. Tá mé cinnte go raibh cuid agaibh in bhur rannpháirtithe sa taighde sin. Is féidir teacht ar na torthaí [anseo](#).
Sonraíonn an taighde a oiread a rinne múinteoirí chun nascadh lena gcuid scoláirí agus bealaí nua oibre a oiriúnú agus a fhoghlaim.

Rochtain a fháil ar thacaíocht

De réir mar a thosaíonn gach duine ag athcheangal leis an scoil, b'fhéidir gur mhaith leat féin agus daoine eile i do roinn, a bheith in ann teacht ar thacaí. Má tá baill nua roinne agat ar mhaith leat an ríomhphost seo a roinnt leo ionas gur féidir leo a n-ainm a chur lenár liosta seoltaí [anseo](#). Beimid i dteagmháil go luath chun a chur in iúl duit faoi roinnt imeachtaí atá le teacht agus faoi acmhainní nua. Idir an dá linn, b'fhiú duit dul ar ár [láithreán gréasáin](#) chun tacaíocht a fháil le planáil roinne.

- Tá doiciméid phleanála idirghníomhacha ar fáil [anseo](#)
- Tá acmhainní ó chnuaslá 2019 / 20 a thacaíonn le planáil na roinne ar fáil [anseo](#)

Treoirínte agus Foilseacháin

De réir mar a thosaíonn sibh le pleanáil roinne, molaimid go mbeadh sibh eolach ar na coigeartuithe a rinneadh mar gheall ar an bpaindéim.

- **Treoirlínte um Filleadh ar Scoil d'Ábhair Phraiticiúla:** Tugann L. 6 & L 7 den doiciméad seo comhairle d'obair phraiticiúil san Eolaíocht. Is féidir é a íoslódáil [anseo](#).
- **Is féidir teacht ar athbhreithniú ar Shocruithe Measúnaithe** do scoláirí sa 3ú bliain [anseo](#). Clliceáil ar an tíl "Eolaíocht" ar l. 4 agus rachaidh tú go díreach chuig athbhreithnithe Eolaíochta na Sraithe Sóisearaí.
- **Is féidir socruithe athbhreithnithe do Mheasúnuithe Rangbhunaithe** do scoláirí tríú bliain a rochtain [anseo](#)

Ag nascadh le hEolaíocht SSM

- B'fhéidir gur mhaith leat muid a leanúint ar twitter - @JctScience. Déanfaidh muid tuíteáil leis na naisc chuig aon nuashonruithe breise a luaithe agus a fhaighimid iad
- Leanfaimid orainn ag coinneáil i dteagmháil trí ríomhphost leo siúd atá ar ár liosta seoltaí
- Coinnigh súil ar an rannóg Nuachta ar ár láithreán gréasáin
- Déan teagmháil linn trí ríomhphost le ceisteanna nó ceisteanna

Tá athrú tagtha ar an bhfoireann Eolaíochta. Tá roinnt comhairleoirí lánaimseartha tar éis fillleadh ar a seomraí ranga. Leanfaidh siad ar aghaidh ag obair linn, agus leat, mar chomhlaigh de chuid SSM. Tá Eileen ar saoire faoi láthair, tar éis bhreith a hiníne le linn na dianghlasála. Cuirimid fáilte roimh Declan mar bhall nua foirne. Táimid ag tnúth le bheith ag obair leat agus ag tacú leat i mbliana agus guímid gach rath ort ar scoil.

Le dea-mhéin.

Foireann Eolaíochta SSM

(Aine Woods, (aine.woods@jct.ie), Niall Kelly, (niall.kelly@jct.ie), Áine Boland, (aine.boland@jct.ie) Brigid Corrigan (brigid.corrigan@jct.ie) agus Declan Cronin (declan.cronin@jct.ie).